2025/80

15.1.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/80 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Eanáir 2025

lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha, de chríocha nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Márta 2016 maidir le galair in-tarchurtha ainmhithe agus lena leasaítear agus lena n-aisghairtear gníomhartha áirithe i réimse na sláinte ainmhithe ('Dlí maidir le Sláinte Ainmhithe') ([1]), agus go háirithe Airteagal 230(1) agus Airteagal 232(1) agus (3) de.

De bharr an mhéid seo a leanas,

(1) Foráiltear le Rialachán (AE) 2016/429 nach mór do choinsíneachtaí d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a theacht ó thríú tír nó ó chríoch, nó ó chrios nó ó dheighleog de thríú tír nó de chríoch, a liostaítear i gcomhréir le hAirteagal 230(1) den Rialachán sin chun teacht isteach san Aontas.

(2) Le Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún ([2]) leagtar síos na ceanglais sláinte ainmhithe nach mór do choinsíneachtaí de speicis agus catagóirí áirithe d'ainmhithe, de tháirgí geirmeacha agus de tháirgí de bhunadh ainmhíoch a chomhlíonadh chun teacht isteach san Aontas ó thríú tíortha nó ó chríocha nó ó chriosanna de thríú tír nó de chríoch, nó ó dheighleoga de thríú tír nó de chríoch i gcás ainmhithe uisceacha.

(3) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún ([3]) leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha nó criosanna de thríú tír nó de chríoch, óna gceadaítear na speicis agus na catagóirí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch a thagann faoi raon feidhme Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 a theacht isteach san Aontas. Déantar na liostaí sin agus rialacha ginearálta áirithe maidir leis na liostaí sin a leagan amach in Iarscríbhinní I go XXII a ghabhann leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin.

(4) Go háirithe, le hIarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leagtar amach na liostaí de thríú tíortha, nó de chríocha, nó de chriosanna de thríú tír nó de chríoch atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas.

(5) Thug Ceanada fógra don Choimisiún faoi cheithre ráig den fhliú éanúil ardphataigineach (HPAI) atá ann in éanlaith chlóis i gcúige Ontario, ráigeanna a deimhníodh idir an 14 Nollaig 2024 agus an 20 Nollaig 2024 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(6) Thug an Ríocht Aontaithe fógra don Choimisiún faoi cheithre ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis atá ann i gcontaetha Norfolk, Sasana, ráigeanna a deimhníodh an 17 Nollaig 2024 agus an 24 Nollaig 2024 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

([1]) IO L 84, 31.3.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/429/oj.

([2]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2020/692 ón gCoimisiún an 30 Eanáir 2020 lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le rialacha maidir le coinsíneachtaí ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí áirithe de bhunadh ainmhíoch a theacht isteach san Aontas, agus maidir lena ngluaiseacht agus lena láimhseáil tar éis dóibh teacht isteach (IO L 174, 3.6.2020, lch. 379, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2020/692/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún an 24 Márta 2021 lena leagtar síos na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh óna gceadaítear ainmhithe, táirgí geirmeacha agus táirgí de bhunadh ainmhíoch teacht isteach san Aontas i gcomhréir le Rialachán (AE) 2016/429 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 114, 31.3.2021, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/404/oj).

(7) Thug na Stáit Aontaithe fógra don Choimisiún faoi 38 ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit Alabama (1), California (11), Illinois (2), Iowa (4), Kansas (2), Michigan (2), Minnesota (3), Mississippi (1), Missouri (1), Nebraska (1), Ohio (2), Oklahoma (2), South Dakota (4) agus Wisconsin (2), ráigeanna a deimhníodh idir an 12 Nollaig 2024 agus an 27 Nollaig 2024 le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(8) Tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach a bhí ann le déanaí, bhunaigh údaráis tréidliachta Ceanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe criosanna srianta de 10 km ar a laghad timpeall ar na bunaíochtaí a bhí buailte agus chuir siad beartas díothaithe chun feidhme chun láithreacht an fhliú éanúil ardphataiginigh a rialú agus chun leathadh an ghalair sin a theorannú.

(9) Tá faisnéis curtha faoi bhráid an Choimisiúin ag Ceanada, ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Stáit Aontaithe maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha agus maidir leis na bearta atá déanta acu chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc tar éis na ráigeanna sin a tharla le déanaí.

(10) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis sin. I bhfianaise na staide sláinte ainmhithe sna limistéir atá faoi shrianta arna mbunú ag údaráis tréidliachta Ceanada, na Ríochta Aontaithe agus na Stát Aontaithe, measann an Coimisiún gur cheart teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus táirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim ó na limistéir sin lena mbaineann na ráigeanna a tharla le déanaí a chur ar fionraí san Aontas, chun stádas sláinte ainmhithe an Aontais a chosaint.

(11) Ina theannta sin, sholáthair Ceanada, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe faisnéis cothrom le dáta don Choimisiúin maidir leis an staid eipidéimeolaíoch ar a gcríocha a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach ba chúis le teacht isteach táirgí áirithe san Aontas a chur ar fionraí, mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404.

(12) Chuir Ceanada faisnéis cothrom le dáta isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch i ndáil le ráig amháin den fhliú éanúil ardphataigineach i gcúige Alberta, ráig a deimhníodh an 14 Samhain 2024, le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(13) Chuir an Ríocht Aontaithe faisnéis cothrom le dáta isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch i ndáil le dhá ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i gcontaetha Yorkshire agus Cornwall, Sasana, ráigeanna a deimhníodh an 5 Samhain 2024 agus an 17 Samhain 2024, faoi seach.

(14) Chuir na Stáit Aontaithe faisnéis cothrom le dáta isteach maidir leis an staid eipidéimeolaíoch i ndáil le seacht ráig den fhliú éanúil ardphataigineach in éanlaith chlóis i stáit California agus Washington, ráigeanna a deimhníodh idir an 15 Deireadh Fómhair 2024 agus an 14 Samhain 2024, le hanailís saotharlainne (ISP-CT).

(15) Chuir Ceanada, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe faisnéis isteach freisin faoi na bearta a rinne siad chun leathadh breise an fhliú éanúil ardphataiginigh a chosc. Go sonrach, tar éis na ráigeanna sin den fhliú éanúil ardphataigineach, tá beartas díothaithe curtha chun feidhme ag Ceanada, ag an Ríocht Aontaithe agus ag na Stáit Aontaithe chun leathadh an ghalair sin a rialú agus a theorannú, agus tá na bearta glantacháin agus díghalraithe is gá curtha i gcrích acu freisin tar éis an beartas díothaithe maidir leis na bunaíochtaí éanlaithe clóis ionfhabhtaithe a chur chun feidhme.

(16) Rinne an Coimisiún meastóireacht ar an bhfaisnéis a chuir Ceanada, an Ríocht Aontaithe agus na Stáit Aontaithe isteach agus measann sé go bhfuil ráthaíochtaí iomchuí tugtha acu nach bagairt do shláinte ainmhithe ná don tsláinte phoiblí laistigh den Aontas a thuilleadh í an staid sláinte ainmhithe ba chúis le fionraí teacht isteach coinsíneachtaí de tháirgí áirithe san Aontas ó na criosanna lena mbaineann mar a leagtar amach in Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, agus, dá bhrí sin, gur cheart teacht isteach na gcoinsíneachtaí sin san Aontas ó na criosanna lena mbaineann i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe óna raibh teacht isteach san Aontas curtha ar fionraí a athúdarú.

(17) Dá bhrí sin, ba cheart Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a leasú chun an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair a chur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe.

(18) Le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3141 ón gCoimisiún ([4]) leasaíodh Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 trí theacht isteach san Aontas coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis, de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus d'éin ghéim a chur ar fionraí ó thrí chrios nua i gCeanada inar tharla ráigeanna den fhliú éanúil ardphataigineach: CA-2.245, CA-2.246 agus CA-2.247. Mar sin féin, san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/314, níor cuireadh na tuairiscí ar na trí chrios sin i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán (AE) 2021/404 leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada. Dá bhrí sin, ba cheart Cuid 2 d'Iarscríbhinn V a cheartú dá réir, trí na tuairiscí sin a chur léi.

(19) Agus an staid eipidéimeolaíoch atá ann faoi láthair i gCeanada, sa Ríocht Aontaithe agus sna Stáit Aontaithe á cur san áireamh a mhéid a bhaineann leis an bhfliú éanúil ardphataigineach agus chun cur isteach neamhriachtanach ar thrádáil leis na tríú tír sin a sheachaint, ba cheart éifeacht a bheith leis na leasuithe atá le déanamh ar Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 leis an Rialachán seo mar ábhar práinne. Ní léir cad iad na suíomhanna geografacha beachta le haghaidh chriosanna CA-2.245, CA-2.246 agus CA-2.247, ónar cuireadh teacht isteach coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim san Aontas ar fionraí le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3141. Dá bhrí sin, maidir leis an gceartúchán ar na tuairiscí ar na trí chrios sin a fágadh ar lár sna hiontrálacha a bhaineann le Ceanada i gCuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404, ba cheart feidhm a bheith ag an gceartúchán sin ó dháta theacht i bhfeidhm Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3141.

(20) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasuithe ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir le Cuid I den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Ceartúchán ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 ón gCoimisiún

Ceartaítear Cuid 2 d'Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 i gcomhréir le Cuid II den Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/3141 ón gCoimisiún an 11 Nollaig 2024 lena leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 a mhéid a bhaineann leis na hiontrálacha a bhaineann le Ceanada, leis an Ríocht Aontaithe agus leis na Stáit Aontaithe ar na liostaí de thríú tíortha, de thríú críocha nó de chriosanna díobh atá údaraithe maidir le coinsíneachtaí d'éanlaith chlóis agus de tháirgí geirmeacha ó éanlaith chlóis, agus d'fheoil úr ó éanlaith chlóis agus ó éin ghéim a theacht isteach san Aontas (IO L, 2024/3141, 12.12.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/3141/oj).

Airteagal 3

Teacht i bhfeidhm agus infheidhmeacht

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag Airteagal 2, áfach, ón 13 Nollaig 2024.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Eanáir 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

CUID I

LEASUITHE AR RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/404

Leasaítear Iarscríbhinní V agus XIV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/404 mar a leanas:

(1) leasaítear Iarscríbhinn V mar a leanas:

(a) i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an ró le haghaidh chrios CA-2.244:

'CA Ceanada	CA-2.244	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		14.11.2024	27.12.2024'

(ii) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.248 go CA-2.251 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.247:

'CA Ceanada	CA-2.248	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		14.12.2024	
	CA-2.249		N, P1		19.12.2024	
	CA-2.250		N, P1		20.12.2024	
	CA-2.251		N, P1		20.12.2024'	

(iii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna GB-2.337 go GB-2.340 tar éis an ró le haghaidh chrios GB-2.336:

'GB an Ríocht Aontaithe	GB-2.337	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		17.12.2024	
	GB-2.338		N, P1		17.12.2024	
	GB-2.339		N, P1		24.12.2024	
	GB-2.340		N, P1		24.12.2024'	

(iv) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna GB-2.329 agus GB-2.330:

'GB an Ríocht Aontaithe	GB-2.329	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		5.11.2024	10.12.2024
	GB-2.330		N, P1		17.11.2024	19.12.2024'

(v) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.760 go US-2.797 tar éis an ró le haghaidh chrios US-2.759:

'US Na Stáit Aontaithe	US-2.760	BPP, BPR, DOC, DOR, SP, SR, POU-LT20, HEP, HER, HE-LT20	N, P1		12.12.2024	
	US-2.761		N, P1		14.12.2024	
	US-2.762		N, P1		14.12.2024	
	US-2.763		N, P1		13.12.2024	
	US-2.764		N, P1		14.12.2024	
	US-2.765		N, P1		12.12.2024	
	US-2.766		N, P1		13.12.2024	
	US-2.767		N, P1		13.12.2024	
	US-2.768		N, P1		17.12.2024	
	US-2.769		N, P1		17.12.2024	
	US-2.770		N, P1		17.12.2024	

	US-2.771		N, P1		16.12.2024	
	US-2.772		N, P1		17.12.2024	
	US-2.773		N, P1		17.12.2024	
	US-2.774		N, P1		17.12.2024	
	US-2.775		N, P1		17.12.2024	
	US-2.776		N, P1		20.12.2024	
	US-2.777		N, P1		19.12.2024	
	US-2.778		N, P1		19.12.2024	
	US-2.779		N, P1		19.12.2024	
	US-2.780		N, P1		20.12.2024	
	US-2.781		N, P1		18.12.2024	
	US-2.782		N, P1		18.12.2024	
	US-2.783		N, P1		16.12.2024	
	US-2.784		N, P1		19.12.2024	
	US-2.785		N, P1		24.12.2024	
	US-2.786		N, P1		24.12.2024	
	US-2.787		N, P1		24.12.2024	
	US-2.788		N, P1		19.12.2024	
	US-2.789		N, P1		27.12.2024	
	US-2.790		N, P1		23.12.2024	
	US-2.791		N, P1		27.12.2024	
	US-2.792		N, P1		20.12.2024	
	US-2.793		N, P1		24.12.2024	
	US-2.794		N, P1		24.12.2024	
	US-2.795		N, P1		23.12.2024	
	US-2.796		N, P1		19.12.2024	
	US-2.797		N, P1		27.12.2024’	

(b) Leasaítear Cuid 2 mar a leanas:

(i) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna CA-2.248 go CA-2.251 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.247:

‘Ceanada	CA-2.248	Ontario – Latitude 42.92, Longitude –81.60 The municipalities involved are: 3km PZ: Strathroy 10km SZ: Wrightmans Corners, Hickory Corner, Poplar Hill, Mt. Brydges, Falconbridge, Longwood, North Ekfrid, Cairngorm, Glen Oak, Kenwood, Mullifarry and Napperton
	CA-2.249	Ontario – Latitude 43.02, Longitude –80.93 The municipalities involved are: 3km PZ: Dicksons Corners, Ingersoll and Putnam 10km SZ: Dunn’s Corner, Centreville, Foldens, Hagles Corner, Salford, Verschoyle, Crampton, Mossley, Three Bridges, Thamesford and Banner
	CA-2.250	Ontario – Latitude 43.11, Longitude –81.03 The municipalities involved are: 3km PZ: Kintore and Thamesford 10km SZ: Uniondale, Lakeside, Bennington, Cody’s Corners, Zorra Station, Dunn’s Corner, Dicksons Corners, Banner, Three Bridges, Thorndale, Cobble Hill, Holiday, Oliver, Brown’s Corners and Medina

	CA-2.251	Ontario – Latitude 42.98, Longitude –81.54 The municipalities involved are: 3km PZ: Hickory Corner and Poplar Hill 10km SZ: Bowood, Fernhill, Crathie, Wrightmans Corners, Coldstream, Lobo, Kilworth, Komoka, Mt. Brydges, Falconbridge, Strathroy and Mullifarry’

(ii) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna GB-2.337 go GB-2.340 tar éis na tuairisce ar chrios GB-2.336:

‘an Ríocht Aontaithe	GB-2.337	near Watton, Mid Norfolk, Norfolk, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N52.51 and Long: E0.86
	GB-2.338	near near Attleborough, Breckland, Norfolk, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N52.43 and Long: E0.92
	GB-2.339	near Hingham, South Norfolk, Norfolk, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N52.59 and Long: E0.99
	GB-2.340	near Attleborough, Breckland, Norfolk, England, GB the area contained with a circle of a radius of 10 km, centred on WGS84 dec, coordinates Lat: N52.52 and Long: E0.96’;

(iii) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna US-2.760 go US-2.797 tar éis na tuairisce ar chrios US-2.759:

‘na Stáit Aontaithe	US-2.760	State of South Dakota Kingsbury 07 Kingsbury County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 97.1788601°W 44.3252271°N)
	US-2.761	State of California Merced 18 Merced County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 120.9945287°W 37.2756467°N)
	US-2.762	State of California Tulare 07 Tulare County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 119.2364045°W 36.6388588°N)
	US-2.763	State of California Tulare 09 Tulare County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 119.4228171°W 36.5895031°N)
	US-2.764	State of California Monterey 02 Monterey County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 121.5025713°W 36.6342888°N)
	US-2.765	State of Iowa Sac 05 Sac County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.8640824°W 42.4473473°N)
	US-2.766	State of Wisconsin Barron 11 Barron County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 91.8214134°W 45.5107516°N)

	US-2.767	State of Illinois Livingston 01 Livingston County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 88.2897654°W 40.7364299°N)
	US-2.768	State of South Dakota Bon Homme 04 Bon Homme County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 97.9305373°W 43.1815738°N)
	US-2.769	State of South Dakota Charles Mix 12 Charles Mix County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 98.3858809°W 43.1540132°N)
	US-2.770	State of South Dakota Charles Mix 13 Charles Mix County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 99.1233330°W 43.5721442°N)
	US-2.771	State of California Merced 22 Merced County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 120.8887515°W 37.5354607°N)
	US-2.772	State of Iowa Sioux 05 Sioux County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 95.9205609°W 43.2312314°N)
	US-2.773	State of Iowa O'Brien 01 O'Brien County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 95.8596586°W 43.2173315°N)
	US-2.774	State of Iowa Worth 01 Worth County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 93.0666327°W 43.4216403°N)
	US-2.775	State of Nebraska Lancaster 01 Lancaster County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 96.9102659°W 40.7422966°N)
	US-2.776	State of Mississippi Greene 01 Greene County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 88.7881903°W 31.1074138°N)
	US-2.777	State of Alabama Cullman 01 Cullman County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 86.6624838°W 34.1999294°N)
	US-2.778	State of Minnesota Fillmore 01 Fillmore County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 91.8033275°W 43.8327173°N)
	US-2.779	State of Minnesota Stearns 24 Stearns County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.8518466°W 45.7654347°N)

	US-2.780	State of Minnesota Chippewa 01 Chippewa County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 95.2656191°W 45.0684400°N)
	US-2.781	State of Kansas Doniphan 02 Doniphan County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 95.1950738°W 39.8881311°N)
	US-2.782	State of Kansas Rooks 01 Rooks County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 99.4777505°W 39.5008451°N)
	US-2.783	State of California Merced 21 Merced County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 120.8963467°W 37.4072203°N)
	US-2.784	State of California Stanislaus 13 Stanislaus County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 120.7669899°W 37.5933823°N)
	US-2.785	State of California Stanislaus 14 Stanislaus County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 120.7693498°W 37.5864618°N)
	US-2.786	State of California Riverside 02 Riverside County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 117.0577571°W 33.8970958°N)
	US-2.787	State of California San Joaquin 07 San Joaquin County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 120.9686434°W 37.9712232°N)
	US-2.788	State of Ohio Greene 01 Greene County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 83.8769022°W 39.7954124°N)
	US-2.789	State of California Sacramento 07 Sacramento County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 121.2021725°W 38.5601919°N)
	US-2.790	State of Michigan Ottawa 02 Ottawa County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 86.0545539°W 42.9769520°N)
	US-2.791	State of Michigan Ottawa 03 Ottawa County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 86.0481105°W 43.0008310°N)

	US-2.792	State of Missouri Cooper 01 Cooper County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 92.6352121°W 38.8701090°N)
	US-2.793	State of Oklahoma Adair 03 Adair County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.6945443°W 36.1780322°N)
	US-2.794	State of Oklahoma Adair 04 Adair County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 94.6973079°W 36.1709623°N)
	US-2.795	State of Illinois Lawrence 01 Lawrence County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 87.7963782°W 38.7882278°N)
	US-2.796	State of Wisconsin Kenosha 01 Kenosha County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 88.2527706°W 42.5866080°N)
	US-2.797	State of Ohio Darke 04 Darke County: A circular zone of a 10 km radius starting with North point (GPS coordinates: 84.6779394°W 40.3890545°N)’

(2) in Iarscríbhinn XIV, i gCuid 1, leasaítear Roinn B mar a leanas:

(a) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chrios CA-2.244:

‘CA Ceanada	CA-2.244	POU, RAT	N, P1		14.11.2024	27.12.2024
		GBM	P1		14.11.2024	27.12.2024’

(b) san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna CA-2.248 go CA-2.251 tar éis na rónna le haghaidh chrios CA-2.247:

‘CA Ceanada	CA-2.248	POU, RAT	N, P1		14.12.2024	
		GBM	P1		14.12.2024	
	CA-2.249	POU, RAT	N, P1		19.12.2024	
		GBM	P1		19.12.2024	
	CA-2.250	POU, RAT	N, P1		20.12.2024	
		GBM	P1		20.12.2024	
	CA-2.251	POU, RAT	N, P1		20.12.2024	
		GBM	P1		20.12.2024’	

(c) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna GB-2.337 go GB-2.340 tar éis na rónna le haghaidh chrios GB-2.336:

'GB an Ríocht Aontaithe	GB-2.337	POU, RAT	N, P1		17.12.2024	
		GBM	P1		17.12.2024	
	GB-2.338	POU, RAT	N, P1		17.12.2024	
		GBM	P1		17.12.2024	
	GB-2.339	POU, RAT	N, P1		24.12.2024	
		GBM	P1		24.12.2024	
	GB-2.340	POU, RAT	N, P1		24.12.2024	
		GBM	P1		24.12.2024'	

(d) san iontráil a bhaineann leis an Ríocht Aontaithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na rónna le haghaidh chriosanna GB-2.329 agus GB-2.330:

'GB an Ríocht Aontaithe	GB-2.329	POU, RAT	N, P1		5.11.2024	10.12.2024
		GBM	P1		5.11.2024	10.12.2024
	GB-2.330	POU, RAT	N, P1		17.11.2024	19.12.2024
		GBM	P1		17.11.2024	19.12.2024'

(e) san iontráil a bhaineann leis na Stáit Aontaithe, cuirtear isteach na rónna seo a leanas le haghaidh chriosanna US-2.760 go US-2.797 tar éis na rónna le haghaidh chrios US-2.759:

'US Na Stáit Aontaithe	US–2.760	POU, RAT	N, P1		12.12.2024	
		GBM	P1		12.12.2024	
	US-2.761	POU, RAT	N, P1		14.12.2024	
		GBM	P1		14.12.2024	
	US-2.762	POU, RAT	N, P1		14.12.2024	
		GBM	P1		14.12.2024	
	US-2.763	POU, RAT	N, P1		13.12.2024	
		GBM	P1		13.12.2024	
	US-2.764	POU, RAT	N, P1		14.12.2024	
		GBM	P1		14.12.2024	
	US-2.765	POU, RAT	N, P1		12.12.2024	
		GBM	P1		12.12.2024	
	US-2.766	POU, RAT	N, P1		13.12.2024	
		GBM	P1		13.12.2024	
	US-2.767	POU, RAT	N, P1		13.12.2024	
		GBM	P1		13.12.2024	
	US-2.768	POU, RAT	N, P1		17.12.2024	
		GBM	P1		17.12.2024	

	US-2.769	POU, RAT	N, P1		17.12.2024	
		GBM	P1		17.12.2024	
	US-2.770	POU, RAT	N, P1		17.12.2024	
		GBM	P1		17.12.2024	
	US-2.771	POU, RAT	N, P1		16.12.2024	
		GBM	P1		16.12.2024	
	US-2.772	POU, RAT	N, P1		17.12.2024	
		GBM	P1		17.12.2024	
	US-2.773	POU, RAT	N, P1		17.12.2024	
		GBM	P1		17.12.2024	
	US-2.774	POU, RAT	N, P1		17.12.2024	
		GBM	P1		17.12.2024	
	US-2.775	POU, RAT	N, P1		17.12.2024	
		GBM	P1		17.12.2024	
	US-2.776	POU, RAT	N, P1		20.12.2024	
		GBM	P1		20.12.2024	
	US-2.777	POU, RAT	N, P1		19.12.2024	
		GBM	P1		19.12.2024	
	US-2.778	POU, RAT	N, P1		19.12.2024	
		GBM	P1		19.12.2024	
	US-2.779	POU, RAT	N, P1		19.12.2024	
		GBM	P1		19.12.2024	
	US-2.780	POU, RAT	N, P1		20.12.2024	
		GBM	P1		20.12.2024	
	US-2.781	POU, RAT	N, P1		18.12.2024	
		GBM	P1		18.12.2024	
	US-2.782	POU, RAT	N, P1		18.12.2024	
		GBM	P1		18.12.2024	
	US-2.783	POU, RAT	N, P1		16.12.2024	
		GBM	P1		16.12.2024	
	US-2.784	POU, RAT	N, P1		19.12.2024	
		GBM	P1		19.12.2024	
	US-2.785	POU, RAT	N, P1		24.12.2024	
		GBM	P1		24.12.2024	
	US-2.786	POU, RAT	N, P1		24.12.2024	
		GBM	P1		24.12.2024	
	US-2.787	POU, RAT	N, P1		24.12.2024	
		GBM	P1		24.12.2024	

	US-2.788	POU, RAT	N, P1		19.12.2024	
		GBM	P1		19.12.2024	
	US-2.789	POU, RAT	N, P1		27.12.2024	
		GBM	P1		27.12.2024	
	US-2.790	POU, RAT	N, P1		23.12.2024	
		GBM	P1		23.12.2024	
	US-2.791	POU, RAT	N, P1		27.12.2024	
		GBM	P1		27.12.2024	
	US-2.792	POU, RAT	N, P1		20.12.2024	
		GBM	P1		20.12.2024	
	US-2.793	POU, RAT	N, P1		24.12.2024	
		GBM	P1		24.12.2024	
	US-2.794	POU, RAT	N, P1		24.12.2024	
		GBM	P1		24.12.2024	
	US-2.795	POU, RAT	N, P1		23.12.2024	
		GBM	P1		23.12.2024	
	US-2.796	POU, RAT	N, P1		19.12.2024	
		GBM	P1		19.12.2024	
	US-2.797	POU, RAT	N, P1		27.12.2024	
		GBM	P1		27.12.2024’	

CUID II

CEARTÚCHÁN AR RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/404 ÓN gCOIMISIÚN

In Iarscríbhinn V, Cuid 2, san iontráil a bhaineann le Ceanada, cuirtear isteach na tuairiscí seo a leanas ar chriosanna CA-2.245, CA-2.246 agus CA-2.247 tar éis an ró le haghaidh chrios CA-2.244:

‘Ceanada	CA-2.245	British Columbia – Latitude 49.08, Longitude –122.15 The municipalities involved are: 3km PZ: Barrowtown 10km SZ: Abbotsford, Chilliwack, Deroche, Dewdney, Atchelitz, Kilgard, Cultus Lake, Arnold, Lindell and Lindell Beach
	CA-2.246	British Columbia – Latitude 48.49, Longitude –123.41 The municipalities involved are: 3km PZ: Saanich Core 10km SZ: Victoria, Brentwood Bay, Saanichton, Malahat, Millstream, Goldstream, Colwood, Langford, Cordova Bay, Esquimalt, View Royal and Oak Bay
	CA-2.247	Manitoba – Latitude 50.27, Longitude –98.06 The municipalities involved are: 3km PZ: Tin Town 10km SZ: Delta Beach, Oakland and Saint Marks’